AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.12.2025
COM(2025) 755 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Comhlachais an Aontais Eorpaigh agus na hÚcráine a mhéid a bhaineann leis an bhFochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí a bhunú faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin den pháirt eile, agus maidir le bunú an Chomhchoiste Comhairliúcháin idir Coiste Eorpach na Réigiún agus an Úcráin a fhormhuiniú

COMHLACHAS IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN ÚCRÁIN

An Chomhairle Comhlachais

An Bhruiséil, XXX 2025

AE-UA.XXXX/25

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: Dréacht CHINNEADH Ó CHOMHAIRLE COMHLACHAIS AN AONTAIS EORPAIGH AGUS NA hÚCRÁINE a mhéid a bhaineann leis an bhFochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí a bhunú faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin den pháirt eile, agus maidir le bunú an Chomhchoiste Comhairliúcháin idir Coiste Eorpach na Réigiún agus an Úcráin a fhormhuiniú

CINNEADH UIMH. X/2025

ÓN gCOMHAIRLE COMHLACHAIS AE-AN ÚCRÁIN

an ... [dáta]

a mhéid a bhaineann leis an bhFochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí a bhunú faoin gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin den pháirt eile, agus bunú an Chomhchoiste Comhairliúcháin idir Coiste Eorpach na Réigiún agus an Úcráin a fhormhuiniú

TÁ COMHAIRLE COMHLACHAIS AE-AN ÚCRÁIN,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile ('an Comhaontú'), agus Airteagal 463 i gcomhar le hAirteagal 466 de,

AG AITHINT DI gur colún bunúsach den phróiseas um méadú é an tAthchóiriú ar an Riarachán Poiblí, agus go mbeidh sé ríthábhachtach inniúlachtaí na n-institiúidí poiblí a threisiú chun go rachaidh an Úcráin chun cinn ar chonair a lánpháirtithe san Aontas, agus go bhféadfadh idirphlé agus comhar idir na húdaráis áitiúla san Aontas Eorpach agus iad siúd san Úcráin a bheith ina rannchuidiú lárnach d'fhorbairt a gcaidreamh agus do lánpháirtiú na hÚcráine san Aontas,

AG AITHINT DI go léirítear le bunú Fochoiste bliantúil um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí céim thábhachtach chun tosaigh i dtreisiú chaidreamh an Aontais agus na hÚcráine agus i bhfeabhsú an idirphlé beartais sa réimse ríthábhachtach seo, agus go dtreiseofaí an t-idirphlé díreach eatarthu trí bhunú an Chomhchoiste Comhairliúcháin idir Coiste Eorpach na Réigiún agus an Úcráin agus údaráis áitiúla agus réigiúnacha na hÚcráine a fhormhuiniú,

AG TABHAIRT DÁ hAIRE DI go mbeidh an Fochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí ina ardán d'idirphlé beartais straitéiseach agus go n-éascóidh sé plé agus comhordú maidir le príomh-athchóirithe i réimse an riaracháin phoiblí agus go mbeidh ról lárnach aige san fhaireachán a dhéanfar ar chur chun feidhme an treochláir um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí agus i dtreoraíocht a thabhairt chun ailíniú le caighdeáin agus le dea-chleachtais na hEorpa a áirithiú; agus go mbeadh an Comhchoiste Comhairliúcháin ina ardán chun dea-chleachtais an Aontais a roinnt maidir le rialachas áitiúil agus réigiúnach agus le hábhair a bhaineann le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhlachais ar an leibhéal críochach, agus dá bhrí sin go soláthrófaí foirm chobhsaí chomhsheasmhach chomhair le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha na hÚcráine agus go dtabharfaí deis dóibh ról gníomhach a bheith acu trí chomhcheannas a bheith acu ar an gComhchoiste Comhairliúcháin agus trína chlár oibre a chomhchinneadh, agus trí mholtaí a eisiúint.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagail 463 den Chomhaontú, tá an chumhacht ag an gComhairle Comhlachais cinntí a dhéanamh chun cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach.

(2) De bhun Airteagail 466 (2) den Chomhaontú, féadfaidh an Chomhairle Comhlachais a chinneadh aon choiste nó comhlacht speisialta a chur ar bun i réimsí ar leith atá

riachtanach chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme agus cinnfidh sí comhdhéanamh, dualgais agus feidhmiú na gcomhlachtaí sin.

(3) Chun deis a thabhairt don phlé ar leibhéal na saineolaithe maidir leis na príomhréimsí a thagann faoi raon feidhme chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe, ba cheart an Fochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí agus an Comhchoiste Comhairliúcháin a bhunú.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal 1

An Fochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí

1. Bunaítear leis seo an Fochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí.
2. Rialófar agus cuirfear i bhfeidhm Rialacha Nós Imeachta an Fhochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí *mutatis mutandis* i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialacha Nós Imeachta an Choiste Comhairliúcháin a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Uimh. 1/2014 an 15 Nollaig 2014 ó Chomhairle Comhlachais AE-an Úcráin.
3. Féadfar raon feidhme an Fhochoiste um Athchóiriú ar an Riarachán Poiblí atá bunaithe a leasú, nó a athrú ar bhealach eile, le comhaontú frithpháirteach idir na Páirtithe.

Airteagal 2

An Comhchoiste Comhairliúcháin

1. Leis seo, déantar bunú an Chomhchoiste Comhairliúcháin idir Coiste Eorpach na Réigiún agus an Úcráin, ina mbeidh líon comhionann ionadaithe ó Choiste Eorpach na Réigiún, de pháirt, agus ionadaithe tofa d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha na hÚcráine, den pháirt eile, a fhormhuiniú.
2. Déanfaidh Comhchoiste Comhairliúcháin na hÚcráine a ghníomhaíochtaí, ar a thionscnamh féin, d'fhonn idirphlé a chur chun cinn agus comhar idir na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a chothú.
3. Glacfaidh Comhchoiste Comhairliúcháin na hÚcráine a Rialacha Nós Imeachta féin.
4. Féadfaidh Comhchoiste Comhairliúcháin na hÚcráine moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle Comhlachais.
5. Is iad Coiste Eorpach na Réigiún agus Rialtas na hÚcráine a íocfaidh as caiteachas a bhaineann le cruinnithe Chomhchoiste Comhairliúcháin na hÚcráine, lena n-áirítear eagrúchán eagraíochta, rannpháirtíocht óna dtoscairí agus óna bhfoireann tacaíochta, chomh maith le costais taistil agus chothaithe.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh ag ...,

Thar ceann na Comhairle

Comhlachais An

Cathaoirleach